# Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann Tuarascáil Bhliantúil 2022 & 2023 le chéile

Nollaig 2023

Irish Humanities Alliance

# CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| Eolas faoi Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann | 3 |
| Cúlra & Struchtúr Ballraíochta | 4 |
| Ball-Institiúidí | 5 |
| Gníomhaíochtaí Intíre agus Idirnáisiúnta | 6 |
| Ráitis & Foilseacháin an IHA | 11 |
| Táirgeacht an tSuímh Ghréasáin & na Suíomhanna Meán Sóisialta | 13 |
| Blagphostálacha | 13 |
| Mé féin agus na Daonnachtaí | 15 |
| Cás-Staidéir Tionchair | 16 |
| Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara & Lucht Déanta Beartas | 17 |
| Rialachas Inmheánach | 20 |
| Súil chun cinn ar 2024 | 21 |
| Fógra faoi bhallraíocht nua | 21 |
| Príomhthosaíochtaí | 22 |
| Imeachtaí & gníomhaíochtaí | 23 |

## Eolas faoi Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann

Is comhthionscnamh de chuid taighdeoirí sna daonnachtaí ininstitiúidí ardoideachais agus institiúidí taighde ar fud oileán na hÉireann Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann (IHA).

Cuireann IHA ardán ar fáil do chomhoibriú agus chomhairliúchán sna daonnachtaí ar fud oileán na hÉireann agus cuireann sé ar chumas na ndisciplíní éagsúla sna daonnachtaí ar fud an oileáin labhairt d'aon ghuth.

Tá sé mar aidhm ag an IHA tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú a dhéanann cur síos ar phríomhghníomhaíochtaí an chomhaontais. Clúdaíonn an tuarascáil seo na blianta 2022 agus 2023 le chéile.

## Croíchuspóirí

- Scoláireacht sna daonnachtaí ar fud oileán na hÉireann a chosaint, a chur chun cinn agus a fhorbairt.
- Comhoibriú idirinstitiúideach agus idirdhisciplíneach sna daonnachtaí a chur chun cinn.
- Cothroime measa idir disciplíní sna daonnachtaí a chinntiú.
- Cistiú don taighde sna daonnachtaí in Éirinn atá slán agus dóthanach a chur chun cinn.
- Lárnacht na ndaonnachtaí chun dul i ngleic le dúshláin phráinneacha na sochaí comhaimseartha a chur chun cinn.
- Tacú le sármhaitheas ag gach céim den fhorbairt gairme acadúil sna daonnachtaí.
- Tacú le straitéisí taighde agus oideachais atá oiriúnach do shochaí ilchultúrtha agus ilteangach.

## Cúlra Ballraíochta

Is comhaontas an IHA d'institiúidí ardoideachais agus taighde a bhfuil infheistíocht mhór déanta acu san IHA ón bunaíodh é in 2013. Is iad seo a leanas na hinstitiúidí a bhfuil ballraíocht acu sa chomhaontas: Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Ollscoil Mhá Nuad; Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Acadamh Ríoga na hÉireann; Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath; Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Ollscoil Uladh; Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Ollscoil na Gaillimhe; agus Ollscoil Luimnigh.

## Struchtúr

Tá comhaontú ballraíochta i bhfeidhm leis na Ball-Institiúidí d'fhonn feidhmiú chlár oibre Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann a chur chun cinn de réir aidhmeanna Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann agus na bhfreagrachtaí atá ar an mBall-Institiúidí agus ar na Baill Aonair.

a) Ainmníonn Ball-Institiúidí an IHA Baill Aonair, a fheidhmíonn mar ionadaithe thar ceann na n-institiúidí Daonnachtaí, le bheith ar Bhord an IHA.

b) Freastalaíonn na Baill Aonair seo ar chruinnithe Bhord an Chomhaontais Daonnachtaí, glacann siad páirt sa Chlár Oibre, tugann siad an t-eolas is déanaí dá mBall-Institiúidí maidir le hobair an IHA, agus cuireann siad obair an IHA chun cinn ina n-institiúidí féin i measc na foirne acadúil agus riaracháin, agus i measc na mac léinn.

c) Ainmníonn Bord an IHA Leaschathaoirleach nua gach bliain, agus is eisean nó ise a bheidh mar Chathaoirleach an IHA an bhliain dár gcionn. Níl ach vóta amháin don ainmniúchán agus ceann eile don vótáil ag gach Ball-Institiúid den IHA.

# BALL-INSTITIÚIDÍ

## OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

## OLLSCOIL NA GAILLIMHE

## OLLSCOIL MHÁ NUAD

## ACADAMH RÍOGA NA hÉIREANN

## COLÁISTE NA TRÍONÓIDE, BAILE ÁTHA CLIATH

## OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH

## COLÁISTE NA hOLLSCOILE, CORCAIGH

## OLLSCOIL NA BANRÍONA, BÉAL FEIRSTE

## AN COLÁISTE OLLSCOILE, BAILE ÁTHA CLIATH

## OLLSCOIL LUIMNIGH

## OLLSCOIL ULADH

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ INTÍRE AGUS IDIRNÁISIÚNTA

## Sárthaispeántas Ealaíona, Taighde sna Daonnachtaí & Nuálaíochta an IHA

Arna reáchtáil an **27 Samhain 2023** ag Acadamh Ríoga na hÉireann.

Ag súil le bunú na gníomhaireachta nua cistiúcháin taighde, Taighde Éireann - Research Ireland, reáchtáil an IHA sárthaispeántas ag Acadamh Ríoga na hÉireann chun tionchar taighde cistithe sna hEalaíona & sna Daonnachtaí ar an bpobal a cheiliúradh.



Sa ró deiridh, ó chlé go deas: Nora Rahill; an tOll. Pat Palmer; an Dr. Patricia Kennon & an tOll. Sonja Tiernan.

Sa chéad ró: an Dr. Nessa Cronin; an Dr. Peter Crooks; an tOll. Marie-Louise Coolahan; an Dr. Philip Cohen; Ruth Hegarty & an tOll. Philip Nolan (POF Ainmnithe Taighde Éireann - Research Ireland.)

Ba í an tOll. Marie-Louise Coolahan (Cathaoirleach IHA) a bhí mar chathaoirleach ag an taispeántas bríomhar seo.
Seo a leanas na tionscadail taighde cistithe a cuireadh i láthair ag an sárthaispeántas:

**Making MACMORRIS (Mapping Actors & Contexts: Modelling Research in Renaissance Ireland in the Sixteenth and Seventeenth Century)** leis an Ollamh Pat Palmer, Ollamh le Béarla an Renaissance, Ollscoil Mhá Nuad. MAC MORRIS (maynoothuniversity.ie)

**Virtual Record Treasury of Ireland** leis an Dr. Peter Crooks, Stiúrthóir Acadúil, Comhollamh le Stair na Meánaoise, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Baile - Virtual Treasury

**Exploring COVID-19 Impacts on the Irish and Scottish Children's and Young Adult Literature Sectors and Possibilities for Sharing and Enhancing Practice** leis an Dr. Patricia Kennon, Comhollamh le Litríocht agus Cultúr Leanaí, Ollscoil Mhá Nuad.

**Grangegorman Histories**: **A Public History Project** leis an Dr. Philip Cohen, Cathaoirleach Grangegorman Histories; Ruth Hegarty, Ball de chuid Grangegorman Histories & Acadamh Ríoga na hÉireann; & Nora Rahill, Ball de chuid Grangegorman Histories & Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin. Grangegorman Histories | Acadamh Ríoga na hÉireann (ria.ie)

Is í an Dr. Nessa Cronin (Leas-Chathaoirleach an IHA) a bhí i gceannas ar an bplé i ndiaidh an taispeántais.

## Ceardlann um Mhodhanna Taighde a Dhícharbónú

Beoshruth ar an **25 Samhain 2022**.

Reáchtáladh an cheardlann chun smaointe a roinnt faoi na féidearthachtaí agus na dúshláin a bhaineann le dícharbónú ár modhanna taighde. Tá sé mar aidhm againn na smaointe a tháinig chun cinn i rith na ceardlainne a úsáid i ndearadh tionscadal taighde agus/nó i ndearadh iarratas ar chistiúchán taighde sa todhchaí.



Eagraithe na ceardlainne 'Decarbonizing Research Methods', Laoighseach Ní Choistealbha (ar chlé) & Ashley Cahillane

Aoichainteoirí: an Dr. Patrick Bresnihan, léachtóir i Roinn na Tíreolaíochta (Ollscoil Mhá Nuad), a oibríonn i réimsí idirdhisciplíneacha na héiceolaíochta polaitiúil, na staidéar eolaíochta & teicneolaíochta & sna daonnachtaí comhshaoil; Sara Lynch (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste), Ceann na hInbhuanaitheachta sa Stiúrthóireacht Eastát; Tanya O'Brien (Ollscoil na Gaillimhe), Taighdeoir PhD sa Ghrúpa Taighde 'Mechanobiology and Medical Device Research', Ambasadóir 'My Green Lab'.

I measc na dtorthaí a d'eascair ón gceardlann cruthaíodh blagphostáil do shuíomh gréasáin Chomhaontas Daonnachtaí na hÉireann, scríofa ag Ashley Cahillane, a bhí ina mac léinn PhD sa Bhéarla in Ollscoil na Gaillimhe ag an am.

## An féidir géarchéim an athraithe aeráide a réiteach gan na healaíona agus na daonnachtaí?

Arna reáchtáil ar líne an **17 Deireadh Fómhair 2022**.

**Ócáid arna chomheagrú ag an 'Australasian Council of Deans of Arts, Social Sciences and Humanities (DASSH)', an 'Scottish Arts and Humanities Alliance (SAHA)' agus Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann (IHA)**




Seimineár gréasáin idirnáisiúnta chun plé a dhéanamh ar an gceist chonspóideach: 'An féidir géarchéim an athraithe aeráide a réiteach gan na healaíona agus na daonnachtaí? Machnamh a dhéanamh ar an mbealach a dtreoraíonn na healaíona agus na daonnachtaí smaointeoireacht, comhphlé, agus gníomhartha ar mhaithe leis an athrú aeráide a mhaolú.'

Phlé na cainteoirí na ceisteanna seo a leanas: cad iad ceachtanna atá le foghlaim ón am atá thart chun cabhrú linn teacht ar bhealaí níos fearr chun dul i ngleic leis an ngéarchéim? Cén ról atá ag tuairimí a bhfuil glacadh forleathan leo anois le gníomhú domhanda ar son na haeráide a chur chun cinn? Cad iad na cineálacha réiteach a eascraíonn as obair chruthaitheach agus a chabhraíonn le todhchaí níos fearr a thógáil do na glúnta atá le teacht? Pléadh dearcthaí éagsúla ó Albain, ó Éirinn, ón Astráil agus ón Nua-Shéalainn chun machnamh a dhéanamh ar an méid a chuireann na disciplíní duinelárnach seo leis na hiarrachtaí dul i ngleic leis na dúshláin éiceolaíocha atá romhainn, agus ár gcaidreamh leis an domhan agus a chuid acmhainní a fhiosrú chun réitigh nua a lorg agus todhchaí níos fearr a thógáil.

I measc na rannpháirtithe bhí: an Dr. Jamie Gillen, Ollscoil Auckland & DASSH; an tOll. Robert Greenberg, Ollscoil Auckland & DASSH; an tOll. Catherine O'Leary, Ollscoil St Andrews & SAHA; an tOll. Caitríona Ní Dhúill, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; an tOll. Murray Pittock, Ollscoil Ghlaschú & SAHA; an tOll. Claire Squires, Ollscoil Stirling, SGSAH & SAHA; agus an Dr. Timothy Stott, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

## Taidhleoireacht agus Caidrimh Chultúrtha Albanach-Éireannach

Arna reáchtáil ar an **11 Deireadh Fómhair 2022**.

I rith na hócáide leathlae seo, arna chomheagrú ag an Scottish Arts and Humanities Alliance (SAHA), the Royal Society of Edinburgh (RSE), agus Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann (IHA), pléadh an dul chun cinn atá déanta maidir le cur i bhfeidhm mholtaí Athbhreithniú Comhpháirteach Déthaobhach Rialtais na hÉireann agus na hAlban. Dhírigh an ócáid seo go príomha ar théamaí éagsúla an athbhreithnithe: an Pobal agus an Diaspóra, an Cultúr agus Naisc Acadúla agus Taighde.




Thug an ócáid scoláirí, ionadaithe cultúrtha, lucht déanta beartas agus ionadaithe taidhleoireachta le chéile chun dearcthaí éagsúla ar an gcultúr, an diaspóra, agus an taidhleoireacht/caidrimh chultúrtha a phlé. Pléadh an obair éagsúil a rinneadh san am atá thart, atá á déanamh faoi láthair, agus a bhféadfaí a dhéanamh sa todhchaí i gcomhthéacs tionscadal taighde arna chómhaoiniú ag Rialtais na hÉireann agus na hAlban.

I measc na gcainteoirí bhí:
Angus Robertson MSP, Rúnaí Comh-Aireachta don Bhunreacht, Gnóthaí Seachtracha agus Cultúir, Rialtas na hAlban; Jane McCulloch, Ard-Chonsal na hÉireann i nDún Éideann; an tOll. Murray Pittock, Ollscoil Ghlaschú, Comhchathaoirleach SAHA; an tOll. Chris Williams, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Cathaoirleach an IHA (2021-22); an tOll. Michael Russell, Uachtarán, Scottish National Party; an tOll. Michael Keating, Ollscoil Aberdeen agus Ard-Rúnaí Chumann Ríoga Dhún Éideann; an tOll. Sarah Prescott, Ollscoil Dhún Éideann; an tOll. Gerardine Meaney, COBÁC; an tOll. Katherine Forsyth, Ollscoil Ghlaschú; an tOll. David Stifter, Ollscoil Mhá Nuad; an tOll. William Lamb, Ollscoil Dhún Éideann; an Dr. Brian Ó Raghallaigh, COBÁC; an tOll. Mary Modeen, Ollscoil Dundee; agus an Dr. Ciara Healy Musson, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), Ceatharlach.

## Streets Ahead: Post-Pandemic Civic Spaces

### COMHDHÁIL BHLIANTÚIL an IHA 2022





**Chuir Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann, i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus The Lab, an chomhdháil 'Streets Ahead: Post-Pandemic Civic Spaces' i láthair**

**09 Meán Fómhair 2022 / 10 Meán Fómhair 2022**

Reáchtáladh an chomhdháil hibrideach seo ar an **9 & 10 Meán Fómhair 2022** in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Campas Ghráinseach Ghormáin, agus ag ionad The LAB, Sráid Uí Fhoghlú. Cuireadh i láthair taighde reatha ó réimsí an dearaidh, an amharc-chultúir agus an chultúir ábharaigh, na staire poiblí agus cultúrtha, na hailtireachta, na pleanála uirbigh, na staidéar sonach, na healaíne poiblí agus na staidéar oidhreachta, chun léargas criticiúil a fháil ar an bpointe cinniúnach seo.

I measc na n-eochairchainteoirí bhí: Ali Grehan, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; Duane Jethro, Ollscoil Cape Town; Eleanor Herring, Glasgow School of Art; Christoph Lindner, University College London; Ellen Rowley, COBÁC; agus Katria Tomko, Institute for Historical Justice.

## Oiliúint Dochtúireachta: Lá Oiliúna san Fhoilsitheoireacht Acadúil & sna Meáin Shóisialta




**Lá oiliúna dochtúireachta ar líne an IHA san Fhoilsitheoireacht Acadúil agus sna Meáin Shóisialta sa Saol Acadúil**

**18 Feabhra 2022**

Painéal 1: Rinne an tOll. Rebecca Braun, Ollscoil na Gaillimhe, comheagarthóir *German Life & Letters*; Brendan George, Palgrave Macmillan; Sarah Lewis, University of Wales Press, Head of Commissioning; agus an Dr. Clodagh Tait, Coláiste Mhuire gan Smál, comheagarthóir *Irish Historical Studies*, cur i láthair faoin bhFoilsitheoireacht Acadúil.

Painéal 2: Rinne an Dr. Leanne McCormick, Ollscoil Uladh; an Dr. Tanya Lokot, an Dr. Dónal Mulligan, agus an Dr. Fióna Gallagher ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, cur i láthair faoi na Meáin Shóisialta sa Saol Acadúil.

# RÁITIS & FOILSEACHÁIN

Eisíonn Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann ráitis phoiblí agus páipéir seasaimh go rialta maidir le heachtraí náisiúnta agus idirnáisiúnta, ráitis agus páipéir a sheasann lenár luachanna.

## Ráiteas an IHA, 18 Iúil 2023




## Páipéar Seasaimh an IHA, 18 Aibreán 2023




## Ráiteas an IHA ar Thionchar 2030, 12 Lúnasa 2022



## Páipéar an IHA ‘Research Funding for mid-career researchers’, 10 Meitheamh 2022

Arna eisiúint ag an nGrúpa Oibre atá i mbun oibre ar an topaic seo. Cathaoirleach: An Dr. Jennifer Redmond (Ollscoil Mhá Nua). Seo a leanas baill an Ghrúpa Oibre: an tOll. Ivar McGrath (COBÁC); an Dr. Allen White (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh); an Dr. Caitríona Ó Dochartaigh (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh); an tOll. Brendan Dooley (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh); an Dr. Kevin O'Sullivan (Ollscoil na Gaillimhe); an Dr. Patrick Walsh (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath); an Dr. Niamh Ann Kelly (Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath); an Dr. Ann Marcus Quinn (Ollscoil Luimnigh) agus an Dr. Mel Farrell (IHA).




## Ráiteas um Dhlúthpháirtíocht leis an Úcráin an IHA, 1 Márta 2022



# FOILSEACHÁIN AR AN SUÍOMH GRÉASÁIN & AR NA MEÁIN SHÓISIALTA

**Blagphostálacha:** Is ionann sraith blaganna an Chomhaontais agus bailiúchán de dhearcthaí agus d'ailt tuairimíochta faoin nuacht, cúrsaí reatha, agus foilseacháin. Clúdaíonn an blag réimse leathan ábhar sna Daonnachtaí, le tuairimí ó thaighdeoirí sna Daonnachtaí agus ó dhaoine eile a bhfuil suim acu iontu.

I rith 2022 & 2023, foilsíodh deich mblag ar shuíomh gréasáin an IHA agus scaipeadh iad ar na meáin shóisialta:

**'Hunger in Modern Ireland' leis an Dr. Ian Miller**




**'Accessibility and School Websites' leis an Dr Ann Marcus-Quinn**




**'Reading the Michael Collins Diaries' leis an Dr. Ann Dolan**



**'Integrating arts and humanities into scholarship on ageing' leis an Ollamh Des O'Neill**



**‘The Road to Europe: The 1972 Referendum on EU Membership’ leis an Ollamh Michael J. Geary**



**‘Lessons learned from the past: medicine in period drama’ leis an Dr. Katherine Byrne**



**‘Threshold Times: From the “No Longer” to the “Not Yet”’ leis an Dr. Nessa Cronin**



**‘Putin’s Ukrainian Chimera’ leis an Dr. John Paul Newman**



**'Climate Change: Perspectives from the Arts and Humanities' leis an Dr. Nessa Cronin**



Is sraith alt tuairimíochta í **Mé Féin agus na Daonnachtaí** inar tugadh deis d'ealaíontóirí, scríbhneoirí, coimeádaithe, lucht acadúil, iriseoirí, polaiteoirí agus daoine mór le rá tábhacht na nDaonnachtaí ina saol a chur in iúl. I measc na n-ábhar a phlé siad tá tagairtí dá dtaithí saoil féin maidir leis na Daonnachtaí agus tábhacht na nDaonnachtaí ina saol intleachtúil.

Ailt a d'fhoilsigh an IHA in 2022 & 2023:

Daniel Mulhall



Catriona Crowe



Clodagh Finn



Colin Murphy



Susan McKay




Sinéad McCoole



## Cás-Staidéir Tionchair

Is ionann mír 'Cás-Staidéir Tionchair' an IHA agus bailiúchán staidéar a thugann léargas ar an tionchar a bhíonn ag an taighde sna daonnachtaí a dhéanann ár mball-institiúidí ar an tsochaí, an geilleagar agus ar chúrsaí cultúir i gcoitinne. Clúdaíonn na cás-staidéir seo réimse leathan tionscadal agus taispeánann siad a fhorleithne agus a dhoimhne a bhíonn tionchar an taighde sna daonnachtaí.

Foilsíodh an Cás-Staidéar Tionchair is déanaí i mí Lúnasa 2023, 'The Price of Performance: A Question of Economic Sustainability for Independent Theatre Production in Ireland, Northern Ireland and Scotland, 2000-2020', tionscadal taighde maoinithe (IRC Laureate 2023-2025) faoi stiúir an Phríomh-Imscrúdaitheora, an Dr. Miriam Haughton & an taighdeoir Iardhochtúireachta, an Dr. Patricia O'Beirne, atá lonnaithe in Ollscoil na Gaillimhe.




Íomhá deartha ag Conor McClure do léiriú Kabosh 'Quartered: a Belfast Love Story'.

Is ionann an cás-staidéar 'The Price of Performance (TPOP)' agus an chéad anailís thrasnáisiúnta, idirdhisciplíneach, cháilíochtúil agus chainníochtúil a rinneadh riamh d'eacnamaíocht léirithe amharclainne neamhspleácha idir 2000-2020, anailís bunaithe ar choinníollacha eacnamaíocha, geografacha, ealaíne agus sochchultúrtha na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na hAlban. Tríd an taighde seo, déanann TPOP iniúchadh ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch léirithe amharclainne neamhspleácha ainneoin na ndúshlán atá roimh an earnáil.

# RANNPHÁIRTÍOCHT LE PÁIRTITHE LEASMHARA & LUCHT DÉANTA BEARTAS

## Gníomhaireacht nua Cistiúchán Taighde agus Nuálaíochta

## Taighde Éireann – Research Ireland

**Léargas Ginearálta:** Ar an 6 Aibreán 2023, d'fháiltigh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, roimh chomhaontú an Rialtais maidir le Ceannteidil an Bhille lena bhforáiltear bunú gníomhaireacht nua cistiúcháin Taighde agus Nuálaíochta a chónascfaidh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

**Páipéar seasaimh:** D'fháiltigh an IHA roimh chruthú na gníomhaireachta nua agus d'fhoilsigh sé páipéar seasaimh ar an 18 Aibreán a phléann an chéad leagan foilsithe den reachtaíocht. Cuireadh ár bpáipéar seasaimh faoi bhráid an Chomhchoiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht, agus rinneadh tagairt dó sa Tuarascáil Grinnscrúdúcháin Réamhreachtaigh ar an mBille um Taighde agus Nuálaíocht, 2023 33/ES/15 Iúil 2023.

**Na Meáin:** Ar an 2 Bealtaine 2023, ghlac an Dr. Maxim Fomin, feidhmeannach an IHA (Cathaoirleach an IHA 2022-23), an tOll. Marie-Louise Coolahan (Leas-Chathaoirleach an IHA 2022-23), agus an tOll. Sonja Tiernan (Comhordaitheoir an IHA), páirt i dtoscaireacht chuig oifig an Aire Harris chun litir a chur faoina bhráid ina héilítear 'níos mó comhairliúcháin leis an bpobal taighde i dtaca le reachtaíocht nua, cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht agus an mhatamaitic (STEM) agus na healaíona, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta (AHSS)'. Foilsíodh tuairisc faoin toscaireacht seo ar an *Irish Times*.

**Grúpa Oibre:** Cruthaíodh Grúpa Oibre Taighde agus Nuálaíochta an IHA i Meitheamh 2023.

**Cruinnithe le Lucht Déanta Beartas:** Bhuail na hOllaimh Coolahan (Cathaoirleach an IHA, 2023-24) agus Tiernan leis **an Dr. Deirdre Lillis**, Rúnaí Cúnta (Taighde agus Nuálaíocht) na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, ar an 18 Iúil 2023 chun amscála bhunú na gníomhaireachta nua cistiúcháin agus an phróisis chomhairliúcháin a ghabhann leis a phlé.

Bhuail na hOllaimh Coolahan agus Tiernan leis **an Ollamh Philip Nolan** (POF Ainmnithe Taighde Éireann - Research Ireland) ar an 2 Samhain 2023 chun tuairimí bhaill an chomhaontais a chur in iúl.

## Comhghuaillíocht Eorpach na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (EASSH)

Is ball bunaidh agus tiomanta de chuid an EASSH an IHA. Reáchtáladh Comhthionól Ginearálta an EASSH 2023 ar an 7 & 8 Nollaig 2023 sa Bhruiséil.

Bhí Leas-Chathaoirleach an IHA, an Dr. Nessa Cronin, i láthair ag an gcruinniú seo thar ceann an IHA. Rinne ionadaithe sinsearacha Bhord Rialaithe agus baill eile den EASSH cur i láthair ag an gcruinniú seo. Is iad an Dr. Gabi Lombardo (Stiúrthóir EASSH) agus an tOll. Silvana Colella (Uachtarán EASSH) a rinne an ócáid a chomhordú agus a stiúradh.

D'ullmhaigh an Dr. Cronin tuarascáil ar an imeacht atá le cur faoi bhráid bhord an IHA ag cruinniú Eanáir 2024.

## Scottish Arts & Humanities Alliance (SAHA)




Podchraoladh a craoladh i gcomhar le SAHA i mí Dheireadh Fómhair 2023 chun Oíche Shamhna a cheiliúradh.

Labhair an Dr. Nessa Cronin (Leas-Chathaoirleach an IHA) & an tOll. Sonja Tiernan (Comhordaitheoir IHA) le Federica Simone (Oifigeach Polasaí & Cumarsáide SAHA) faoi mbunús Éireannach atá le hOíche Shamhna.
Bhí sé seo le cloisteáil mar chuid den tsraith 'Global Conversations' eagraithe ag SAHA agus scaipeadh an podchraoladh go forleathan ar na meáin shóisialta.

## An Fóram Náisiúnta um Thaighde Oscailte

NORF NATIONAL OPEN RESEARCH FORUM

### An chéad leagan den Fhéile Náisiúnta um Thaighde Oscailte in Éirinn

Chuir an fhoireann tionscadail Publish OA i láthair ceardlann faoin teideal ‘Scholarly Authorship and Open Access’, a eagraíodh i gcomhar le Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann, mar chuid den Fhóram Náisiúnta um Thaighde Oscailte a reáchtáladh ag Acadamh Ríoga na hÉireann idir **2-3 Samhain 2023**.

Ba í aidhm ghinearálta na ceardlainne staidéar a dhéanamh ar a indéanta atá sé ardán náisiúnta foilsitheoireachta diamond OA (rochtain oscailte) a bhunú in Éirinn. Is páirtithe leasmhara tábhachtacha údair, go háirithe údair scolártha, i réimse na rochtana oscailte agus bhí sé mar aidhm ag an gceardlann seo spás a chur ar fáil do thaighdeoirí, go háirithe taighdeoirí sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí, an rochtain oscailte a phlé ó dhearcadh an údair.




Is iad Colm O’Reardon (Ard-Rúnaí na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta) agus an Dr. Daniel Bangert (an Comhordaitheoir Náisiúnta um Thaighde Oscailte) a d’oscail an cheardlann.

# RIALACHAS INMHEÁNACH

## Cruinnithe Bhord an IHA:

Bíonn ceithre chruinniú ag Bord an IHA gach bliain acadúil. Mar thoradh ar shrianta Covid 19, tá sé mar aidhm ag an mBord teacht le chéile go pearsanta ar a laghad dhá uair sa bhliain. Reáchtálann ceann de na ball-institiúidí na cruinnithe seo, agus féadfaidh an institiúid sin an deis a thapú chun a saoráidí taighde a thaispeáint ar lá an chruinnithe. Uaireanta eagraítear cruinnithe neamhghnácha lasmuigh de na ceithre dháta cruinnithe bliantúla.

## Na Cruinnithe Boird a reáchtáladh in 2022 & 2023:

20 Deireadh Fómhair 2023 – Ar Líne
23 Meitheamh 2023 - Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Campas Ghráinseach Ghormáin
19 Bealtaine 2023 - Ar Líne
7 Deireadh Fómhair 2022 – Ar Líne
10 Meitheamh 2022 – Ar Líne
8 Aibreán 2022 – Ar Líne
21 Eanáir 2022 – Ar Líne

## Comhaltaí Feidhmiúcháin an IHA, Nollaig 2023:

An tOll. Marie-Louise Coolahan (Ollscoil na Gaillimhe, Cathaoirleach)
An Dr. Nessa Cronin (Ollscoil na Gaillimhe, Leas-Chathaoirleach)
An tOll. Sonja Tiernan (IHA, Comhordaitheoir)

## Comhaltaí Feidhmiúcháin an IHA, Nollaig 2022:

An Dr. Maxim Fomin (Ollscoil Uladh, Cathaoirleach)
An tOll. Marie-Louise Coolahan (Ollscoil na Gaillimhe, Leas-Chathaoirleach)
An Dr. Mel Farrell (IHA, Stiúrthóir)

# SÚIL CHUN CINN AR 2024

## Fógra faoi bhall nua

Tá lúcháir ar an IHA a fhógairt go nglacfaidh Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt ballraíocht san IHA i mí Eanáir 2024. Tá láithreacht shuntasach sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt faoi stiúir an Dr. Suzanne Denieffe ar Champas Phort Láirge; faoi stiúir an Dr. Eileen Doyle Walsh ar Champas Cheatharlach; agus faoi stiúir Karen Hennessy ar Champas Loch Garman. Cuimsíonn na Daonnachtaí ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt na Ranna Ealaíon; Cúram Sóisialta & Luath-Óige; Daonnachtaí; Turasóireacht Bia agus Fáilteachais; agus Dlí & Ceartas Coiriúil.

Fáiltímid roimh ár gcomhghleacaithe ó Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus táimid ag tnúth le bheith ag obair leo sna blianta amach romhainn agus muid ag cur chun cinn taighde agus scoláireacht na ndaonnachtaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

# PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ don bhliain 2024

## Leathnú ar an mBallraíocht

Le deich mbliana anuas tá athrú forásach le brath in Éirinn maidir le forbairt ábhar sna daonnachtaí i gcomhthéacs na n-ollscoileanna agus na nInstitiúidí Ardoideachais agus Breisoideachais. D'fhonn ár gcomhaontas a neartú agus ionadaíocht iomlán sna daonnachtaí ar fud oileán na hÉireann a chinntiú, ba mhaith linn bonn ballraíochta an chomhaontais a leathnú amach anseo.

## Gníomhaireacht nua Cistiúchán Taighde

Tá sé mar thosaíocht ag an IHA in 2023-24 a chinntiú go n-aithneoidh an ghníomhaireacht nua cistiúcháin, Taighde Éireann - Research Ireland, an chothroime measa atá ann idir disciplíní; cinntiú go dtacóidh an ghníomhaireacht le sármhaitheas taighde ag gach céim den fhorbairt gairme acadúil sna daonnachtaí; agus go gcuirfidh sí ar fáil maoiniú leordhóthanach don taighde sna daonnachtaí.

Ghlac an IHA páirt sa chéad bhabhta comhairliúcháin maidir leis na cuspóirí agus na tosaíochtaí ar a bhfuil fís na gníomhaireachta nua bunaithe. Tá próiseas comhairliúcháin níos cuimsithí beartaithe don chéad leath de 2024 chun straitéis agus plean corparáideach a fhorbairt don ghníomhaireacht. Leanfaidh an IHA ar aghaidh a bheith mar chuid lárnach den phróiseas comhairliúcháin sin.

## Comhoibriú uile-oileáin

Tá an IHA tiomanta i gcónaí do choincheap an ionaid taighde uile-oileáin a chur chun cinn, coincheap atá bunaithe ar phrionsabail an chomhphlé taighde trasteorann, an aitheantais fhrithpháirtigh agus na héagsúlachta cultúrtha.

## Rochtain Oscailte

Tá sé mar sprioc shainithe i bplean Straitéise an IHA 2020-2030 tacú le beartas Rochtana Oscailte a chosnaíonn éagsúlacht agus cáilíocht na scoláireachta sna healaíona agus sna daonnachtaí. Bhí ról lárnach ag an IHA sa réimse seo go dtí seo, lena n-áirítear Páipéar Seasaimh a chur le chéile maidir le Rochtain Oscailte, dá dtagraítear i dTuarascáil Timpeallachta an Fhóraim Náisiúnta um Thaighde Oscailte (NORF). Tá sé beartaithe againn ceardlanna agus oiliúint bhreise a chur ar fáil sa réimse seo i gcomhar le Coláiste na Tríonóide agus le hAcadamh Ríoga na hÉireann tríd an tionscadal Rochtana Oscailte, Publish OA.

# IMEACHTAÍ & GNÍOMHAÍOCHTAÍ

## Comhdháil Bhliantúil an IHA 2024

Gach bliain, gairtear na ball-institiúidí chuig comhdháil a reáchtáiltear faoi choimirce an IHA.

Ainmníonn iarratasóirí rathúla daoine aonair chun suí ar Choiste Stiúrtha an IHA agus freagracht a ghlacadh as reáchtáil na comhdhála.




Beidh comhdháil 2024 á reáchtáil ag Ollscoil Luimnigh in 2024, faoi stiúir an Dr. Niamh Nic Ghabhann (Ollscoil Luimnigh, Cathaoirleach IHA 2020-21), i gcomhar leis an Dr. Karol Mullaney-Dignam (Ollscoil Luimnigh) agus an Dr. Sophie Cooper (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste), faoin teideal oibre, 'New perspectives on Irish cultures: mapping a diverse field.'

## Siompóisiam Daonnachtaí Comhshaoil

Tá sé beartaithe ag Grúpa Oibre Daonnachtaí Comhshaoil an IHA siompóisiam poiblí a reáchtáil san Earrach in 2024 ag Acadamh Ríoga na hÉireann.

## Oiliúint agus Forbairt

I gcomhréir leis an ngealltanas uainn i ndoiciméad straitéise an IHA tacú le 'sármhaitheas ag gach céim d'fhorbairt gairme acadúil sna daonnachtaí' féachfaimid le seisiúin bhreise oiliúna agus faisnéise a reáchtáil.

## Foilsiú

Tá an dlaoi mhullaigh á cur ar leabhar nua a d'eascair as comhdháil bhliantúil an IHA, 'EXCITING NEWS!', in 2021. Tá *'EXCITING NEWS! Event, Narration and Impact from Past to Present,'* arna chur in eagar ag B. Dooley agus A.S. Wilkinson, le foilsiú an 1 Márta 2024.

## Cruinnithe Boird 2024:

19 Eanáir 2024 – Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
12 Aibreán 2024 – Ar Líne.
21 Meitheamh 2024 – Ollscoil na Gaillimhe

**Tuilleadh eolais**

Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann – Luach na nDaonnachtaí á Chur Chun Cinn
19 Sráid Dhásain, Baile Átha Cliath 2, Éire
R-phost: info@irishhumanities.com
Suíomh gréasáin: www.irishhumanities.com
X: @IrishHumanities